

Scoil Dhún Chaoin a Athoscladh

BHÍ lúcháir ar mhuintir na Gaeltachta agus ar Ghaeilgeoirí ar fud na tíre nuair a d'fhógair an tAire Oideachais an tUasal de Búrca go n-áthosclófar go hoifigiúil an scoil a dhruid an Roinn Oideachais i 1970.

Ó druideadh an scoil go hoifigiúil throid muintir Dhún Chaoin le aithneas oifigiúil a fháil agus choinnigh siad an scoil foscailte, ag íoc na múinteoirí lena gcuid airgead féin agus le síntiúisí a fuaradar ó dhaoine ar fud na tíre a d'aontaigh lena gcás.

Tá gach moladh tuillte ag an Aire úr as an scoil seo a fhoscladh arís.

Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil polasaí dearfa ag an rialtas úr a thabharfas cothrom na féinne don Gaeltacht. Tá uchtach anois ag muintir na Gaeltachta agus tá siad ag dréim go mbeidh dearcadh níos tuigseanaí ag an Rialtas úr ar chúrsaí scoile sa Gaeltacht.



Meastar go mbeidh Scoil Dhún Chaoin a fhoscladh ag an Cháisc.

I ráiteas ó Choiste Thuismitheoirí Gaoth Dobhair, dúirt siad: "Tá lúcháir ónár gceol gur éirigh le muintir Dhún Chaoin a scoil a fháil athoscailte. Tá súil againn gurb é seo comhartha maith go bhfuil dearcadh níos folláine ag an Roinn maidir le cúrsaí oideachais sna Gaeltachtaí, agus go mbeidh sé le feiceáil gan mhoill i nGaeltacht Thír Chonaill.

Amharclann Gaothdobhair

Fá lathair tá an geamaire "Níon Rí Ailigh" ar siúl gach oíche ag 8.30 go dtí De Ceadaoine seo chugain.

Cead isteach 30p. Páistí 15p. agus mar bhí ariamh le fáil ó Aisteoirí Gaoth Dobhair, tá neart greann, scléip agus ceol ann.



Gearóidín Ní Ghallchóir as an Chlochán Liath a bhain móran bonn ag ceol i gcomórtaí i Leitir Ceánainn, Cill Charthaigh, Gaoth Dobhair agus Ard an Rátha.

'Sí Gearóidín an ball is óige de'n ghrúpa na "Champions" a bhfuil clú orthu ar fud na hallaí damhsa agus a bhfuil dhá chupa, fíche ocht bonn agus teastasá bainte acu ag féiseanna ar fud na tíre.

Grupa o Scoil Mhuire, Bun Cranncha a ghlac pairt i Slogadh '73 i mBaile Átha Cliath.



EAGARALT

LE FADA an lá tá ionsaí á dhéanamh ar an Ghaeilge agus tá an ionsaí ag éirí níos láidre. Táthar á rá anois, nuair tá muid inár mbaill den C.E.E., gur tabhachtaí teanga Eorpach á fhoghlaim ná teanga na nGael. Tá dream beag sa tír seo—is cosúil nach bhfuil iontu ach mionlach beag—atá ag iarraidh tabhairt ar an náisiún glacadh le teanga agus cultúr na Sasana agus diúltú don oidhreacht Ghaelach á tháinig anuas chugainn ó ghlúin go glúin leis na mílte bliain. Is cosúil nach léir dóibh nach bhfuil an ceart ag an glúin seo ná ag glúin ar bith deireadh a chur leis an oidhreacht náisiúnta. Is cuid d'Éirinn an oidhreacht Ghaelach agus is cuid iontach tabhachtach í fosta. An dream nach bhfuil meas acu ar an Ghaeilge níl meas acu ar Éirinn ná ar a muintir.

Tá cuid mhór cainte le tamall anuas ar "Contribution" na hÉireann don C.E.E. B'fhéidir, amach anseo má fhoghlamann na hÉireannaigh roinnt teanga Eorpach, agus má cuireann siad spéis i gcúrsaí na hEorpa go bhteicfidh siad ní amháin go bhfuil teanga da gcuid tein ag gach náisiún ar an mhór-roinn ach, fosta, teitidh siad an domhan agus an saothreas cultúrtha atá iontu. B'fhéidir go bhfeicimid gur beag suarach an méid atá le tairiscint ag tír atá ag déanamh lom-aithris ar Shasana—go háirithe do chultúr na hEorpa. B'fhéidir go dtuigfidh muid de réir a chéile gur cultúr Eorpach atá san cultúr Gaelach agus gur sa chultúr sin annamh atá muid i ndán. Dúirt leimheastoir ealíona uair amháin, agus é ag caint ar pheinteacht na hÉireann "we are a nation of imitators." Is fíor sin. Tá an sceal chomh háifeiseach sin go bhfuil aohar leitheoireachta s'againn chóir a bheith uilig ag teacnt anall as Sasana—á scríobh ag Sasanaigh, á fhoilsiú agus á chlóbhualadh ag Sasanaigh agus tá preas na tíre seo ag déanamh lom-aithris ar an preas thall. Tá tionchur an-láidir ag na Sasanaigh ar an tír seo tríd an phreas ná tá tionchur láidir ag an leitheoracht ar dhearcadh na ndaoine.

Mas éigin dúinn aithris á dhéanamh, b'fhéidir nár mhiste aithris á dhéanamh ar thiortha na hEorpa mar athrú agus ár dteanga féin a a chur i reim agus ár gcuid nuachtán féin a fhoilsiú agus a chlóbhualadh gan baráocht tionchur ón taoibh amuigh—clóbhuailtear nuachtán na Fraince sa Fhrainc mar shampla, agus nuachtáin na Gearmáine sa Ghearmain. Ach is "Irish Editions" de nuachtáin na Sasana atá ag muintir na hÉireann, agus preas "dúchasach" i dteanga na Sasana. Táthar ag tabhairt anall i bteoirí Sasanacha leis an iriseoracht a dhéanamh dóibh le blas Sasanach a chur ar nuachtáin na hÉireann sa dóigh's go dtig leo cuimhlint leis an phreas thall. Sé meath na Gaeilge is cúis leis sin ar ndóigh. Tá ábhar machnaimh agus ábhar náire ann.

GEAMAIREACHT

"Níon Rí Aligh"

IN AMHARCLANN GHAOTH DOBHAIR
ag toiseacht Dé Ceadaoin 28ú Márta, 1973
ar feadh seachtaine
Greann, scléip agus ceol.

ag. 8.30 p.m.

Isteach 30p Páistí .5p

Radharc na Mara

AGUS

Ostan Gaoidoir

Oíche Cheoil i Radharc na Mara rith an tSamhraidh

Ostán Gaoidoir foscailte ó Fhéil Pádraig.

An Páipear Bán

AR AN 19ú Márta tháinig an Páipear Bán ar an Tuaisceart amach. Le bliain, níl seanbhean san tír nár chaill cupla uair codlata de thairbhe an Pháipear seo. Caidé tá i ndán dúinn? Ocn O! An d'inead siad codladh leo. Anois nuair atá sé amuigh, teimuid go bhfuil sé cnomn casta (cosúil leis na Sasanaigh iad reir) gur domgn tuggbnean caide a raon an gleo uilig tá dtaoob ae. Rud amháin a thig linn a buein cinnte ae, nach bhfuil daru ag na Sasanaigh caide le ceanamh. Tá sé souéir nach bhfuil siad ag iarraidh baint na pairt a bneith acu linn, Tuaisceart nó Deisceart.

"Caidé raon Dna a thug Billy trasna na boinne ar cnor ar bun" arsa lea le Willie la amháin nuair a bní siad ag ooir ar an Pháipear Bán.

Se'n "British Empire" a rinne Sasain saibhir acn nior stop siad ariamh le smaoinú nuair a bní siad a mneadú, go dtiocfadh an la nuair a chaitheadh siad ioc ar son a gcuid creacnadh. Le buanta beaga anuas cnonaic Sasain an impireacnt ag lagndú de réir a cnéile. Tá mios acu go bhfuil sé i ndán doibh tuilleadh de a cnaiteadh agus luath nó mall "caultridh" siad an Tuaisceart. Ar maidin amarach scríobfadh siad den léarscail é da mbeadh siad ábaita. Ach aaitnidh siad abneith "ionraice," deir siad agus ní "thréigfidh" siad a gcuid "deartháir."

Tá na "deartháir" sin ag tabhairt le fios dóibh nach mbeidh siad i bnfad ag cur troid orthu "má thréigeann siad iad." "Muna gcuireann siad síos an I.R.A." "Muna níocann siad achan phingin atá de dhíth orthu." "Muna..." Shílfeá dá mbeithéa ag iarraidh bheith cairdiúl le dume nach le troid a chur air a mheallfeá a chairdeas.

Ach fágfaidh muid sin idir Ted, Willie, Brian agus Craig. Caidé fán Pháipear Bán? a deir tú. Bhál measaim nach bhfaca muid a dheireadh go fóill. Deirfinn gurb é seo caibidil a haon — tá tuilleadh le theacht. Tá clú ar Willie mar "Softly Softly" (Softly) tá fhios agat, agus má smaointeann tú air caidé bhí muid uilig ag dréim leis? Na hÉireannaigh ag iarraidh rud éigin a fheiceáil fá "Éire Aontaithe" Túigeann muid gurb é sin an t-aon dóigh le deireadh a chur leis an troid ar feadh na síoraíochta — Na Loyalists ag iarraidh posadh ar Shasain agus a bheith cinnte go mbeadh Arm na Banríona acu i gcónaí le "smacht" a choinneáil ar an I.R.A.

Ag an pointe seo is fiú smaomeadh nár bhain Sasain cogadh ariamh go fóill léi féin, agus b'fhéidir nach bhfuil mórán dochais acu bua a fháil ar an I.R.A. don chéad uair. Cibé an fáth níl siad ag iarraidh bainis leis an Tuaisceart ar chor ar bith.

Bhál bhí mé a rá, fá Willie (an Df Bán) — ní thiofadh leis Páipear Bán a thabhairt amach a ghlacadh taobh amháin nó an taobh eile, mar sin de shiúl sé aníos lár an bhealaigh. Ach rud amháin a rinne an Páipear Bán soiléir, níl siad ag iarraidh mórán eile a bheith le déanamh acu leis an Tuaisceart.

Agus caidé a bheas i gCaibeadal 2? a deir tú. Páipear Buí is dóiche — Bhí ceann glas againn, agus ceann Bán agus is dóiche go mbeidh an chéad cheann eile buí. Cibé an dath ní bheadh biseadh ar bith ar a bhfuil ann.

Tá achan nduine ag cur ceist an oibreochaidh an Páipear Bán?? Bheadh sé doiligh aige nuair atá an dá dhream na Loyalists agus na Sealadaí — gabhail a dhéanamh cinnte nach noibríonn, agus an tríú dream san chath (arm na Breataine) ag dul ar aghaidh mar bhí ariamh ag coinneáil an pota meascáithe agus ag mionnú go bhfuil siad gan smál.

Dá mbeadh na Sasanaigh i ndáiríre nuair a deir siad go bhfuil siad ag iarraidh síochán san Tuaisceart, thaispeanadh siad i bhfad ó shin go bhfuil siad toilteanach giota beag talamh a thabhairt agus dáta fá leith a thabhairt nuair a bheadh deireadh lena réim san tír seo. Bfodh sé luath nó mál. Ach níl siad toilteanach seo a dhéanamh.

Bfodh sé ceart nó contrailte, bheircann seo seans do na Sealadaí gan iad a thrist, agus leoga níl stair ró mhaith ag na Sasanaigh go dtí seo le duine ar bith iad a thrist

Ach má tá siad chomh mór agus a deir siad, agus mar gheall ar síocháin agus sul a ndóirtar níos mó fola, taisbeanadh siad anois go bhfuil siad toilteanach talamh a thabhairt. Níl acu le déanamh ach comhartha a thabhairt go bhfuil siad i ndáiríre ag iarraidh síocháin agus ansin beidh an liathróid i gcuairt na Sealadaí le taispeant go bhfuil siad-san i ndáiríre.

Ina dhiaidh sin b'fhéidir go dtiocfadh linn a bheith ag dréim leis an rud sin a bhfuil muid uilig tuirseach agus ocrach fá na choinne. — Síocháin.

S.M.S.

Lá Fhéile Pádraig i nGlascú

CHOINNIGH muintir Thír Chonaill an féile go flaitiúil i nGlascú oíche hAoine (16ú Márta) Bhí cruinniú mór ag muintir Ghaoth Dobhair le fáilte a chur roimh an Chanónach Seán Mac Eiteagáin. Bhí St. Mungo's Hall lán go dtí an doras agus bhí rinné agus ceol ar siúl go dtí meán oíche. Labhar an Canónach Seán leis an chruinniú. Bhí aithne mhaith aige ar an chuid is mó acu.

Ar an lá mór é féin (Dé Sathairn) bhí teach phobal "Our Lady of Consolation" lán ag Aifreann i nGaeilge. An tAthair Aodh O Cnámhsí agus an Canónach Mac Eiteagáin a bhí ag comh-chéiliuradh an Aifreann. Rug an tAthair O Cnámhsí an seanphóir agus cheol John Kerr as an 'Cheathrú Chaol ag an Aifreann. Bhí gach rud i nGaeilge agus bhí sé faoi stiúiríú Connradh na Gaeilge i nGlascú.

San oíche bhí cruinniú mór ag muintir Chloich Cheannfhaola sa Coup-ar Institute i nGlascú. Bhí sé faoi stiúiríú Chathail Mhic Suibhne atá ina Uachtarán ar Chumann Thír Chonaill i nGlascú. Bhí an halla seo fosta lán ó chúl go doras. Labhair an tAthair O Cnámhsí ag an chruinniú.

Ar an Domhnach (18ú Márta) bhí an cuirm ceoil mór bliantúil ag Cumann Thír Chonaill sa City Hall, an halla is mó i nGlascú agus bhí sé líonta. As Baile Atha Cliath tháinig Patricia O' Keefe, Noel Healy, Michael O' Dea agus Micky Heron anall agus ó Thír Chonaill tháinig John Kerr (An Cheathrú Chaol. Fánaid) Bhí 1,200 daoine i láthair ag a chuir ceoil. Ghlac muintir nGlascú páirt sa chuir ceoil fosta mar bhí an buíon ceoil "Star of Donegal" agus Scoil rinne Uí Cheallaigh ansin.

Raidió na Gaeltachta



DE SATHAIRN 31u Marta.

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Spóirt. 7.30 Seisiún. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Tuairisc Pearsanta. 8.30 A Ghloria, a Chara. 8.45 An Druma Mór. Uisceál cáiliúil. Sheosamh Mhíe Grianna a bhuaidh Duais an Bhuil'Éirigh a léamh ag Scán Ó Gallchóir ina dhá mhír déag. (Mír a cúig) 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE DOMHNAIGH 1u Aibreán

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Séan Bán Breathnach. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.10 Sa taobh seo den Tír: Sreath léachtaí ó Bhaill Bhord Staidéar Seachtracht Choláiste na h-Ollscoile Gaillimh ar staid na Gaeltachta inniu. 8.30 Spóirt Idirlinn. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE LUAIN 2u Aibreán

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Pháistí Clár don óige, a chur i latháir ag Aingeal Ní Chonchubhair. 7.30 Iris an Luain Comhrá agus caibidil ar chúrsaí an lae ó Ghaeltachtaí éagsula na tíre chomh maith le dreas ceoil anois agus arís. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.30 Séamus Ennis Anseo. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE MAIRT 3u Aibreán

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Togha agus Rogha Rogha na nEisteoirí a dtogha ag Timlín Ó Cearnaigh. Neasa Ní Chinnéide agus Maidhe P. Ó Conaola. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Cré na Cille Léamh d'amatiúil ar leabhair cháiliúil. Mháirtín Uí Chadhain ó Aisteoirí Chonamara. 8.30 Lán a Mhála. Ceol tíre nuabhaillithe. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE CEADAoine 4u Aibreán

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal leis na Rídirí le Mícheál Ó Shea. 7.30 Iris na Ceadaoine. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Iris na Ceadaoine (Cuid a dó). 8.30 Faidhbanna Gaeilge. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DIARDAOIN 5u Aibreán

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Dibhse a mhná. 7.30 "Sí do Mhamó i". 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 An tSeachtain Seo. 8.30 Sa mBruiseál. 8.40 Rogha Gene Martain. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE hAOINE 6u Aibreán


7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Pháistí. 7.30 Iris na hAoine. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Céad Bliain i bParóiste an Fhitéaraigh. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

SA BHAILE

Fá lathair tá Finbar Mac Giolla Bhríde, a bhean chéile Anna agus a mac Nigel na gcónaí i sean bhaile a muintir i Mín Doire na Slua.

Tá Finbar ag obair ar Scoil úr Anagaire agus roimh i bhfad beidh sé ag cur tús ar theach úr do fhéin.

As ceantair Ailt an Chorráin a bhean.



Machnamh

leis an tAthair Eoghan Ó Colm

Chonnaic mé ált ar Ghaeltacht na seachtaine a chuaigh thart den tiodal "Altóirí Loch an Iúir," agus chuir sé mé ag machnamh ar na sean laethe agus na scaláin.

Tá droichead comhgarach de Bhaile na Finne ar a dtugtar Droichead a' Scaláin agus nuair a bhí Dálaigh na Glaisigh i réim fá'n Ghlaisigh agus Béal an Atha Mhóir bhí ionad Aifreann sa chaoran in aice leis an droichead. Bhí sé de ghnás ag na Dálaigh an t Aifreann a fhreastail anseo.

Thogadh siad ina gcipe ar mhain capall trasna ag an áth ar abhainn na Finne agus ó sin go dtí an scalán. Ar scor ar bith bhí siad mall an Domhnach seo agus cibé ba scéal do nór fhan an Sagart leo. B'e sin an téirim a thóg an maicín. Dith siad agus scal siad an sagart agus iad go fóill sa diallait agus i ndeireadh na dála d'éirigh an clompór comh pearsanta, maslach agus tarhuisneach

sin gur thosaigh siad ar a chéile sa Laidin ar dhóigh na dtuigfeadh an poball brí na cainte.

Ar ndóigh níl ansin ach cás ar leith. Ócaid mhór a bheadh teacht an t-sagairt ar a chuairt, ach bhí a shiúl faoi choim agus a chónaí faoi cheilt. Ar dhóigh ná ar dhóigh eile rachadh an scéala ó bhéal go béal agus ó theach go teach, go mbéadh am agus ionad an Aifreann seinnte go socair suaimhneach ar fud an cheantair. Fhad agus a bhíodh an t-Aifreann ag dul ar aghaidh, bhíodh faireóirí nó airíocha fá na hárdain agus siúl ghear acu ar na casáin agus na cabhsaí sa dóigh nach dtiocfadh contúirt ar bith orthu i dtóibinne.

Thíos in íochtar Fhánada tháinig saighdúirí na Sasana ar an láthair gan mhothú agus an t-Aifreann ag dul ar aghaidh. Scab na daoine agus theich an sagart suas cladach na Maoile Rua. Lean na siaghdúirí an sagart agus nuair a bhí sé chóir a bheith i ndeireadh na péice agus an tóir ag teannadh leis, cé casadh leis ach fear a bhí ag déanamh cocáí feamnaigh ar bhruach na mara. Dfholaigh sé an sagart faoi chionn de na cocáí. Protastúnach a b' éadh slánaitheoir an tsagairt agus nár mhaith Críostiúil an beart a rinne sé agus a bheatha fhéin sa chontúirt.

Ag machnamh dúinn ar an scaláin agus ar an tréibhse lenar bhain siad caithfidimid cuimhniú go raibh oblogáidí eile díomainte den Aifreann le coimh-líonadh ag sagart. Bhí daoine le

h-eisteacht aige, an ola le cur ar sheandaoine agus daoine tinne agus páistí le baisteadh. Tá sruthán beag deas ag síleadh faoi Dhroichead an scaláin agus measaim gur iomaí leanbh a fuair Sacraimint an Bhaistidh ar a bhruacha.

Abhar mór bróid dúinn na sean Altóirí seo agus sinn ag dearcadh orthú agus ar na h-áiteacha cúlriosta ina bhfuil siad suite. Nach dtig linn ár samhlaíocht a chur chun oibre agus machnamh ar an tsagart ag léamh an Aifreann agus ar na daoine a d'éist an t-Aifreann ina thimpeall; daoine gléasta i mbainín brocach, ceann-tárnocht, costárnocht, gan bearad, gan bróg gan giosan. Nach dtig linn smaoineamh ar chréatur éigin ar a ghlúine ar scath cártaice le taobh an tsagairt ag fáil maithiúnais ina pheacaidh; An Ego Te Absolve ag éirí ar an ghaoith agus a pheacaidh a mbánú mar dhrúcht na maidine.

Ag dearcadh agus ag machnamh dúinn ar na scaláin, bá chóir dúinn amharc ar ar bparóiste féin an lá atá ann inniu, ar na tithe pobail breatha atá againn, tithe sómhar solasta. An dtuigimid gur amach as na scaláin a d' fhas a tithe pobail agus ach go be na scaláin, na sagairt chróga agus na daoine dóighiúla a chruinnigh thart orthu nach mbéadh tithe pobail ar bith againn nó riachtan ar bith leo. Nar chóir dúinn a bheith bróidiúil as na glúnta seo agus labhairt orthu go mórtasach.

Anagaire

Bhí brón mór ar fud na paróiste nuair a chualadar go raibh an tAthair Eoghan Ó Frighill S.C. imithe go Cnoc Fola.

Rith an tréimhse a chaith sé ina measc i nAnagaire, bhain sé a lán cairde idir óg 's aosta agus beidh cuimhne air mar shagart a d'oibrigh go dícheallach ar shon a phobail, i gcúrsaí spioradálta agus sóisialta.

BHÍ brón mór ar fud Paróiste Anagaire nuair a chualadar fá bhás Antoin Uí Bhaoill as Droim na Cart a tharla go tobann tá goirid ó shin i Sasain. Tugadh a chorp abhaile le cur i reilig Anagaire agus bhí an mheas a bhí air san cheantar le feiceál leis an slua mór a bhí lena thóramh go Séipéal Naomh Muire. Réalt na Mara, Anagaire.

Sé an tAthair Eoin O Colm S.P. a léigh Aifreann na marbh agus a bhí i mbun an tsearmanais san reilig ina dhiaidh.

Déantar comhbrón an phobail lena bhean chéile Bríd agus a cheathar cloinne.

OÍCHE MHÓR

Tháinig daoine as na trí paróiste go dtí an cuirm ceoil i halla Anagaire oíche Dhomhnaigh a chuaigh thart agus bhain achan nduine sult as. Bhí John Kerr ar bharr an bhille agus Clann Uí Bhaoill as Ailt an Chorráin le cois a lán ceoltóirí eile.



An tAthair Eoghan Ó Frighill. S.C. Cnoc Fola.

Mion-Mhargadh Uí Dhomhnaill

Earraí Grósaera, Milseógra, Crua-Earraí

Bainne Paisteartha

Ionadaí do Uachtarlán Dhún na nGall

ANAGAIRE

Guthán Anagaire 32

Mánus Mac Grodaí

MÓRDHIOLTÓIR EARRAÍ GRÓSAERA

An Fálcarach 20

Thiar i nGleann Ceo

le Tadhg Ó Rabhartaigh

AR LEANSTAN

Bhí an seanphéire ina dhiaidh orthu féin go mór as é a ligean chun an mhianaigh chomh hóg agus a lig; agus bhí siad fá mhóid nach ligfeadh siad d'aon fheax den bheirt ghasúr "lámh a chur ina bhás féin, mar rinne an t-athair bocht." Ar an ábhar sin, thug an bheirt ógánach ar Shéimín Bán a mhionn a thabhairt go sollúnta nach dtráchtadh sé ar na gnóthaí le haon duine taobh amuigh den mhianach. Agus dá dtéadh an t-athair mór a fhiafraí de fá dtaobh díobh, bhí rún ag Séimín gan inse orthu. Bhí seanscrosán éadaigh acu i dteach an innill, agus chuireadh siad sin orthu ag obair dóibh; agus, nuair a bhíodh a gcúpla uair istigh acu, níodh siad an gual díobh féin go cúramach, agus théadh siad ag airneán i dteach an Ghréasaí Rua nó fá theach Shéimín

Bháin. Shábháil siad bunús an airgid a shaothraigh siad agus san am seo a bhfuilimid ag trácht air, bhí sé i bhfolach go cúramach acu i mbosca stáin a bhí thuas ar an lochta a bhí i gceann an tí.

Tháinig an bheirt anuas mala an tsléibhe agus iad chomh haigeantach sin agus nár mhothaigh siad meáchan na gliabh ar a ndroim. Ligfeadh siad iad féin chun rása ach go raibh an sneachta siochta ag éirí diabhalta sleamhain. Doiligh go leor a bhí sé siúl, gan trácht ar rith.

"Bíodh geall go bhfuil an Mhala Mhór sleamhain go leor leis an drae a chur uirthi anocht," arsa Peadar.

"Ba cheart go mbeadh," arsa Feargal; "tá an mhala seo diabhalta sleamhain."

"Seo chugainn Pól an Ghréasaí!" arsa Peadar, nuair a tháinig siad anuas a fhad leis an bhealach mhór.

Gasúr fá aois Fheargail a bhí i bPól; agus idir an triúr acu, ba dheacair a gcoinneáil ó chéile, ar an scoil nó taobh amuigh den scoil. Bhí a fhios ag Pól fán mhianachóireacht faoi choim, agus ba dhílis a choinnigh sé ceilte an scéal.

"Táimid ag gabháil a chur an drae ar an mhala mhór, a Phóil," arsa Feargal, agus é ag toghadh a chuid coiscéim go cúramach ar an bhealach mhór.

"Sin an rud a thug anall mé," arsa Pól, ag socrú a bhairéid ar a ghrágán rua. "Beidh an mhala sin mar bheadh gloine ann, dar liomsa. Mura dté an drae róghasta agus tiontú buntoscionn orainn."

"Dheamhan tiontú, a Phóil," arsa Feargal. "Tá cúpla piocóid mianachóra fá theach s'againne, agus saíthfimid na piocóidí sa tsneachta nuair a thioctas cruá orainn. Thig le fear againn suí ar dheireadh an drae agus a bheith réidh leis an phiocóid a chur in úsáid nuair a bheimid ag gabháil róghasta."

Bhain siad an teach amach. Bhí an clapsholas ann leis seo, agus fuacht ann a rachadh go smior sa té ba chruadhéanta ar bith. Chuaigh Feargal suas ar an lochta i gceann an tí go bhfuair sé an dá sheanphiocóid mhianaigh—piocóid a athar agus piocóid a athar móir. Bhí sé dorcha thuas fán lochta, agus ní thug aon duine fá deara é ag cur a láimhe isteach i gcúl an chúpla agus ag tarraingt amach bosca stáin go hiontach faichilleach as, agus á chur ina phóca. D'éalaigh sé síos chun an tseomra bhig a bhí faoin lochta, agus chuir an bolta ar an doras. Bhain sé an deich is dá phunt as an bhosca, agus chuir sé an bosca ina phóca.

"Thríona!" ar seisean, ag baint an bholta den doras. Sciurd sí síos ina chuideachta agus druideadh an doras arís.

Nuair a tháinig an bheirt ar ais chun na cistine bhí tiúin bhreá orthu. Bhéarfá fá deara le marbhsholas na tine an aoibh a bhí ar Thríona, agus í ag fágáil ruda éigin uaithe ar bharr an drisiúir. Bhí a fhios i gceart ag Peadar gur crág airgid a bhí sí a fhágáil ann; agus ba gheal lena chroí é féin a bheith ina chuidiú leis an aoibh sin a chur ar Thríona. Óir, dhéanfadh sé rud cothrom ar bith don Tríona chéanna; agus bhí Feargal mar an gcéanna léi. Tríona bhocht! Mhairfeadh sí ag obair ó bhreacadh an lae go clapsholas, an lá ab fhaide sa bhliain, agus ní chluinfeá sa teach í. Cé riamh a chuala í á rá go raibh sí tuirseach ag níochnán, nó ag sníomh, nó ag cniotáil, nó ag obair ar bith eile? Bhí sí chomh nádúrtha sin, agus chomh caoin sin. Bhí a chroí, agus croí gach aon duine eile fosta, istigh i dTríona.

CUAIRT AR INIS COLMÁN

Bhog Conchúr Mór Mac Giolla Dé leis síos an gleann, agus é ag toghadh a choiscéimeanna go cúramach in áiteacha a raibh an bealach mór sleamhain. Chuaigh sé thart le tithe ina raibh cónaí ar sheanmhianachóirí a chaith bunús a saoil ag baint guail ina chuideachta. In amanna eile agus é ag gabháil an bealach, bheadh fonn air a ghabháil isteach chucu lena phiopa a dheargadh, agus lena comhrá a dhéanamh leo. Ach bhog sé leis, an tráthnóna seo, gan chomh beag le

hamharc a thabhairt ar na doirse druidte; óir bhí ualach ar a chroí agus bhí fonn comhrá agus cuartaíochta díbeartha as.

Tháinig sé a fhad leis an chroisbhealach, sa deireadh, thíos i mbun an ghleanna. Bhain sé taca as a bhata ag an chroisbhealach, agus rinne sé a scíth, seal nóiméid. Ní raibh aige le ghabháil ach tuairim is ar leathmhíle soir an bóthar de chois an locha, go dtí an ché os coinne Inis Colmán. Bhí bóthar ag gabháil ó dheas ón chroisbhealach seo, thart le ceann an locha agus trasna na Sionainne, a fhad le Droim Duilliúir, baile beag a bhí ina shuí thall fá bhun Shliabh an Iarainn. Bhí bóthar eile ag gabháil thart siar le tóin an Bhradshléibhe, go Cill Rónáin, agus as sin siar go Baile na Sí, baile beag eile a bhí thiar ar chúl an Bhradshléibhe. Ag amharc siar an bóthar seo go Baile na Sí do Chonchúr Mhór nocht capall is carrán chuige ag tarraingt air aniar. D'fhan sé go dtáinig an carrán a fhad leis. Mártán a bhí ann, ag teacht as Baile na Sí agus lán an charráin d'earraí Nollag leis. Fear meánaosta, de bhunadh an ghleanna, a bhí i Mártán agus bhí sé féin, agus a athair roimhe, ina gceinéal de mhaoir ag Mac Alastair. Bhí sé féin is a chúram ina gcónaí ar bhruach na cé, os coinne Inis Colmán. Bhíodh sé ag stiúradh na hoibre ar an fheirm mhór a bhí ag Mac Alastair de chois an locha, agus ag obair fán oileán, agus ag gabháil chun na n-aontaí agus chun na margai. Le sceat fada a dhéanamh gairid, ní raibh mórán oibre fá áit Mhic Alastair nach raibh i gcúram Mhártáin, de bheag nó de mhór.

"Maise, a Chonchúir," ar seisean, "nach ceart tú atá a do chois a leithéid de thráthnóna?"

Bhí glincín maith ólta aige, dar le Conchúr.

"B'fhéidir go ndéanfá áit dom ansin ag do thaobh, a Mhártáin," ar seisean. "Tá mé ag gabháil isteach go hInis Colmán."

"Aníos leat, a chailleach," arsa Mártán. "Suigh ar an bhairille sin. Coinnigh do bhróga ó na buidéal sin; óir char mhaith a mbriseadh, tá a fhios agat. Damnú go bhfuil léan ar an tráthnóna atá ann!"

Tharraing sé buidéal pionta as póca a chóta mhóir. Bhí braon beag de bharráiocht ar leath an bhuidéil ann.

"Fuair mé lán an bhuidéil sin i mBaile na Sí," ar seisean: "agus murab é na corrbholgam a bhain mé as ar an bhealach aniar, dheamhan greim díom nach mbeadh siochta. Tá a fhios agat féin nach raibh mé riamh róthugtha dó, a Chonchúir; ach, dar diasta! níl déanamh gan é, nuair atá duine ina shuí thuas ar charrán a leithéid de lá. Tá suaithníocht ar an fhuacht atá ann!"

Chuir sé an buidéal ar a cheann, agus nuair a bhí a chuid as aige, shín sé chuig an tseandúine é. Bhí thar an naigin ann.

"Caith siar é, a Chonchúir," ar seisean. "Níor chosain sé pingin domsa, tá a fhios agat. Aimsir na Nollag, a Chonchúir! Aimsir na Nollag! Tá oiread leanna agus pórtair agus biotáille agus fíona liom ar an charrán seo, a Chonchúir, agus a chuirfeadh a bhfuil i nGleann Ceo ar na cannaí. M'anam go bhfuil! Agus chan í an chuid is saoire, ach oiread, atá liom, bíodh a fhios agat. Tá rogha gach dí sna bairillí sin, a Chonchúir, agus sna buidéal sin, agus sna boscaí sin. Cha bhíonn tart orthu fá theach Mhic Alastair aimsir na Nollag, creid mise. Cha bhíonn, a bhráthair, ná ocras ach oiread. Dá bhfeicfeá an t-ár a rinneadh thoir anseo, ar ainmhithe agus ar éanlaith, sular imigh mise ar maidin!"

"Bíodh geall go ndearnadh!" arsa Conchúr, agus é ag mothú na biotáille ag cur aoibhe air, cheana féin, agus á théamh amach go barra na méar agus na ladhar.

"Ná bí ag caint!" arsa Mártán. "Fágadh an sneachta dearg le fuil."

"Fágadh!" arsa Conchúr.

"Fágadh, mh'anam!" arsa Mártán. "Mo chreach nach bhfaca tú an chaora bhreá a feannadh ann, a Chonchúir. 'Caint ar chaoirigh! Agus i dtaca le héanlaith de, dheamhan ceann de dhosaen go leith nár maraíodh, idir ghéanna agus thurcaithe agus chearca. Agus dá bhfeicfeá thusa na cineálacha éisc atá liom sa bhosca sin, a bhráthair! Agus thug mé lód eile as Droim Duilliúir inné, tá a fhios agat. Dheamhan a leithéid de bhonnóga Nollag! Cónra tae, a rún; mála siúcra; boscaí de na brioscaí ab fhíordheise a chonaic mé riamh, a Chonchúir! Ní dhéanfadh a dhath maith dó, lena chois sin, ach bosca lán bagúin a fháil; agus gan muid ach i ndiaidh muc dár gcuid féin a thógáil as an tsalann, tá seachtain ó shin."

Tuilleadh i gceann coicíse

Tá an leabhar le fáil ó Fhoilseacháin an Rialtais, An Stúara, Ard Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath. Luach 65p fríd an phost.



POST ÚR

Tá Séamus Mac Giolla Bhríde as Anagaire i ndiaidh post úr a ghlacadh mar Bainisteoir ins an óstán galanta, an "Hotel Atlantas" in Zurich san Eilvéis.

Mac le Bríd agus Nial Mac Giolla Bhríde, as Anagaire, chríochnaigh sé cúrsa bainistíochta trí bhliain go leith, ins an Ghresham i mBaile Átha Cliath agus bhain sé an scrúdú deireanach i Sráid Cathal Brua i mí Meitheamh a chuaigh thart. I ndiaidh sin rinn sé cúrsa in "Caidreamh Poiblí."

Tá siúl againn go néireoidh go maith leis ina phost úr.

CÚRSA DO MHÚINTEÓIRÍ

Fá láthair tá cúrsa ar siúl ins an Cheard Scoil, Loch an Lúir do mhúinteoirí bunscóile na Rosann agus Gaoth Dobhair, le tuilleadh eolais a scapadh ar an chuirriciulum úr.

Go dtí seo siad na léachtóirí a bhí ann na Cathal Ó Baoill, O.S. Anagaire agus Séamus Mac Aoidh, O.S. An Fál arrach.

Pléadh cúrsaí Gaeilge, Ceoil, eolais domshaoil agus daoneolais. Tá dhá scór múinteoirí ag freastal ar na léachtaí agus bhí an cigire ann oíche Cheadaoine a chuaigh thart.

Má tá . . .
SCÉALTAÍ GRINN agat, cuir chugainn iad. Bronnfar 50p ar an scéal is fearr ar gach eagrán de "Ghaeltacht."

RÁTAÍ "GAELTACHT"

fríd an phost

Ainm

Seoladh

£

6 mhí £1.10p

1 bl. £2.20

Rátaí speisialta do ordú mór

"GAELTACHT"


Cló Na Rosann,

Gaoth Dobhair,


Leitir Ceanainn,

Tír Chonail.

Do'n Aois Og . . .



Bríd Ní Dhomhnaill, iníon le Síle agus Cathal Ó Domhnaill as an Clochán Liath.



Mícheal O Gadhra, mac leis an Sairsint Seán O Gadhra agus a bhean Úna, An Bun Beag.

An Sionnach agus an Préachán



Bhí Préachán ann uair amháin agus fuair sé píosa breá cáise. Thug sé leis an cháise ina ghob agus suas leis go barr crainn go n-ithheadh sé í. Shuí sé ar cheann de na géaga agus an cháise ina ghob aige.

Chuaigh sean sionnach thart agus thug sé fá dear an préachán agus an píosa deas cáise a bhí aige agus shantaigh sé é. "Nach trua gan an píosa cáise sin agamsa" arsa an sionnach leis féin. "Ó! an boladh deas atá as! Caithfidh mé é a fháil!"

Chuaigh sé chun cainte leis an phréachán. "Nach deas an téan tú!" ar seisean. "Nach deas na súile atá agat! Ni fhaca mé ariamh éan comh breá leat!" Agus an loinnir deas atá in do chuid cleiteach! Tá tú go h-áluinn ar gach dóigh. Nach mór an trua nach bhfuil ceol agat! Dá mbeadh guth do chinn ion-churtha le áilneacht do chuirp, ní bheadh éan ar dhruim an domhain comh deas leat."

Chuir an moladh agus an plámas seo an oiread sin athais ar an phréachán go ndearna sé dearmad de'n cháise a bhí ina ghob aige.

"Cau! Cau!" arsa an préachán, agus thoisigh sé ag brath a thaisbeaint do'n tsionnach go rabh guth aige, má b'fhíor dó féin. Ach comh luath agus d'fhoscail sé a ghob, thuit an cháise go talamh.

D'imigh an sionnach leis an méid a bhí ina chorp agus an cháise ina bhéal leis agus d'ith sé í.

"Go rabh maith agat," ar seisean leis an phréachán bhocht amaideach. "B'fhéidir go bhfuil guth binn agat, ach is mór an trua duit féin go bhfuil tú comh h-amaideach a's tá tú!"

Gaoth Dobhair

Máire Claire Nic Giolla Bhríde
Aois 12 Scoil Dhoire Beaga.




Móin; Tá cuid mhór de dhaoine an pharóiste ag saothrú ar mbeatha ar mhóin ach tá an obair an chruaidh. Bíonn mé ag feachtaint ar na truc-aill agus na tarrachoirí ar an bhealach na scoile dom gach máidín. Ar an rud is lú teann míle tonna monadh chun an Stais-iún Udro Leictreachais gach seachtain.

Farraige; Tá tráigh dheas i nGaoth Dobhair agus tagann cuid mhór cuairteoirí chun na háite gach Samhradh. Caitheann siad a gcuid áma agus iascaireacht.

Na cnuic; Bã bhreá le daoine a bheith ag tógáil caorach fado ach tá beagan ann anois. Tá muid sa Comh-Mhargadh anois agus tá luach maith orthu. Tá an snáth iontach daor anois ach fadó bhí túirní ag na daoine agus bheadh siad ag sníomh.

Talamh Oibre; Sráth na Corca agus Seascán Beag dhá bhaile a bhfuil talamh maith iontu. Tá na ba gann agus tagann leath mhíle píonta bainne ó Uachtarlann na Finne gach seachtain. Caiple a bheadh ag oibriú an talamh fadó ach na fheicfidh tú capaill ró mhinic anois. Tarracóirí agus trucaill atá le feiceáil anois agus bíonn boladh artóla as na páirceanna. Seipeail; Tá ceithre sheipeál sa pharóiste seo. Tá ceann úr in Doire Beaga agus tá an triúr eile ann le tamall. San áit a bhfuil an reilig anois bhí séipeal ann 400 bliain ó shin ach níl sé ann níos mo. Bhí an sagart ina chónaí i Sráth na Corca an uair sin.

Eoinin agus a mhadadh

Dia dhíbh, a pháistí,
Tá súil agam gur bhain sibh uilig sult as Lá Fhéile Pádraig agus as na bannaí ceoil breatha a bhí amuigh an lá sin. Is deas páistí beaga a fheic-eáil agus iad gléasta go galanta in éideadh buíon ceoil agus ceol galanta a seinm acu. Ba chóir go mbeadh gléas ceoil ag gach páiste agus a bheith ábalta é a sheinm go maith.
Tá scéal eile agam díbh fá phréachán amaideach agus sionnach glic. Tá súil agam go dtaitníonn sé libh.

Slán go fóill,
ó bhur gcara . . .

Andaí.

LÁ AN AONAIGH
Maire Ní Mhuireagan
Aois 12 Scoil Dhoire Beaga.

Lá aonaigh a bhí ann, bhí na feirmeoirí uilig cruinnithe ann. Bhí ba agus muca, caoirigh agus capaill, tairbh agus uain óga ann. Bhí gach duine ag díol, ag ceannach agus ag margíocht. Bhí mise agus mo athar ann, bhí mo athar ag ceannacht bó. Shiúl muid thart ag amharc ar na ba agus chonaic muid ceann dubh agus bán. Tháinig an fear agus chuir mo athar ceist air cá mhéad a bhí air, dúirt an fear nach ndíolfadh sé é faoi céad punt, dúirt mo athar nach raibh leis ach ochtó punt, ach go raibh sé níos fearr ná rud ar bith. Sa deireadh shocraigh siad ar ochtó punt. Chuaigh muid na bhaile le bó.



Pádraigín Ní Dhomhnaill iníon le Máire agus Seán O Domhnaill as Anagaire agus Pronsias O Glacain mac le Sorcha agus Pádraig O Glacain as Rann na Feirste.

ÉIN na hÉIREANN



An Fiach Dubh

Tchífidh tú iad ag eitilt ina bpéirí go minic cé go neitlfonn siad ina scuaine in amannaí. San Earrach go háirithe cleachtaíonn an Fiach Dubh cleasaíocht eitileoireachta agus is féidir leo; fiú eitilt ar feadh tamaill agus bolg s' acu i dtreo na gréine.

Iosfaidh an Fiach Dubh chor a bheith achan rud. Bíonn tóir nach beag aige ar chaoraig agus ar uain, bíonn an tréadaí caorach a' choimhead go crua an tam seo den bhliain.


Tá an Fiach Dubh furast a aithint nó sé an ball is mó é de chlann

an phréacháin ata in Éirinn againn, cúig orlach is fiche ó ghob go ruball a mhéantomhas. Tá cuma láidir air ag eitilt dó. Seans maith go mbeidh péire acu ann nuair a fheicfidh tú iad cé go gcluineann tú go minic iad sula bhfeiceann tú iad, is é a nglór is fusa a aithint. Baineann pruc, pruc, pruc s' acu macalla as an tír.

Fanann an chearc agus an coil-each le chéile feadh a mbeatha.

Tá trifeal bliantaí ó shin chonachtas sé cinn déag agus dhá scór i gcuideachta a chéile fá Mhaolann Mór sa Chontae seo.

Crosfhocal



TRASNA

1. Ní fear go fóill é.
5. -- agus oíche.
8. Tá an miotal seo i do chorp.
9. Itheann tú é ag an tsos.
11. ---An Chorráin.
12. Níl sí ramhar tá sí ---
14. Fear saibhir bíonn --- airgid aige.
16. Bíonn an ---ar thóir na luchóige.
18. --- Sathairn.
19. Caora óg.
20. Bíonn sé agat ag tús do dhinnéir.
21. Ainm Cailín.
22. Ainm áite idir na Gleanntaí agus an Clochán Liath.
25. --- Maria.
26. Ceart ---
28. An ---? Sea.
29. Lúidín Mac ---
30. Déanann sé cultacha.

SÍOS

1. Bheireann an bhó é.
2. Ór agus ----
3. 1.
4. Bíonn seo ar bord loinge.
6. Deirfiúr d'Athar.
7. Cuireann tú sa charr é.
8. Ag ithe is ag ---
12. ----agus níl.
15. Suas is ---
16. Ainm na hAstráile.
17. Fear siúil.
20. Insint Eachtra.
23. Ainm eile ar éillín.
27. Madadh.
28. Al --- aerlínte na hIosraele.

D'amharc fear amach ar ... fhuinneóg ó bharr áras iontach ard, agus chonaic sé rud éigin ag loinn-readh shíos ar an talamh. Shíl sé gur bonn cúig pingne a bhí ann, agus rith sé síos an staighre fá choinne é a fháil. Nuair a bhí sé ar a bhealach síos dar leis fhéin go namharcadh sé amach arís le bheith cinnte go raibh an tairgead ann ar fad. Bhí áthas air a fheiceáil nach cúig pingne a bhí ann ach deich bpingne, agus ar shiúl leis arís dhá uair níos tapaí.

D'Amharc sé amach arís tamall ina dhiaidh sin le feiceáil a raibh sé ann go fóill.

"Ah, píosa 50p atá ann" arsa seisean. Anois, mheas sé gurbh fhéarr dó deifre a dhéanamh ar eagla go dtiocfadh duine éigin eile agus é a fháil roimhe. "An tardaitheoir an bealach is gaiste" arda seisean agus léim sé isteach ann.

Tháinig an tardaitheoir go talamh agus nuair a d'fhoscail an doras rith an fear amach lena 50p a fháil, ach caidé bhí fá na choinne ach clár bin.

Bhí Tadhg an feirmeor ag tabhairt aire do na chuid eallaigh nuair a tháinig cuairteoir chuige.

"An dtiocfadh leat inse domh cad chuige nach bhfuil adharca ar an bhoin sin thall?" arsa seisean.


"Bhal, arsa Tadhg dóigheann muid na hadharca do chuid acu, ach sé an príom. reasún nach bhfuil adharca ar an cheann seo ná gur capall í.

Bhí Mericanach ag inse do Phádraig fá na foirgnimh ársa i Meiriceá "Arú," arsa Pádraig thit casúr ormsa ag mo chuid oibre Satharn amháin agus bhuail sé arís mé maidín Dé Luain.

Baineann;

Donchadh Ó Gallchóir,
Cois Cládaigh
An Bun Beag.

50p



Bhí ministear ag éirí as a phost de thairbhe a aois agus bhí a phobal iontach buartha ina dhiaidh, comh buartha sin go dtug siad capal agus carr mar bhronntanas do.

"Níl mé cinnte" arsa an ministir ar cheart dom seo a ghlacadh -níl eolas ar bith agam ar chapall."

"Och, tá'n capall beag seo iontach cinéalta" arsa an fear a bhí ag tabhairt an bhronntanais do. "Níl le rá agat ach "Dia ar sabhail" agus tá'n capall ar shiúl. Abair "Wow" agus stopfaidh sé."

Dar leis an ministir go raibh sin simplí go leor agus léim sé isteach san charr.

"Dia ar sabhail" arsa seisean, agus ar shiúl leis an chapall, go gasta agus thiocfadh leis reachtáil. Searadh an ministir an méid sin go ndearna sé dearmad caide le rá leis an chapall a stopadh.

"Dia ar sabhail" le é fháil ag gabhail, ach caide stopas é?" Sa deireadh tháinig an capall fhad le binn mhor agus in am smaointigh an ministir ar a fhocal ceart.

"Wow" a scairt sé agus stop an capall gan le sparáil ach cupla orlach.

Thit an ministir ar ais ins an tsuíochán le osna faoisimh, an tallas ag reachtail anuas a éadan. Tharraing sé a chiarsúr as a phóca agus ag cumhailt a éadan duirt se: "Dia ar sabhail!!...!!"

Bhí an maistear ag iarraidh taispeaint don rang chomh tabhachtach agus a bhí sé gan labhairt gan smaoin-eadh.

"Cuntas go dtí caoga má tá sé tabhachtach agus cuntas go dtí céad má tá sé iontach tabhachtach.

Lathanna mhárach agus é na sheasamh ag an tine ag caint leis na páistí, chonaic sé iad uilig ag cuntas go gasta. Sa deireadh bhí siad uilig ina seasamh.

"Nócha oct, Nócha naoi, Céad, .. tá do chóta ar thine!"

Bhí Pól ag deanamh a dhinéar lá amháin, agus shín sé trasna an tábla fá choinne an tsalann a fháil. Chuir sé a mhúinnchille i bpláta a mháthair.

"A Phól, nach bhfuil teanga i do phluc?" arsa a mháthair.

"Tá, ach níl sé fada go leor." d'fréagar Pól.



Bhí Sasanach amuigh ag seilg lá amháin agus scaoil sé coinín ach fuair an coinín ar shiúl uaidh cé go raibh sé gortaithe, lean sé trasna na páirc-eanna é ach ní thiocfadh leis é a fháil.

Bhí Éireannach ag obair i bpáirc píosa ar shiúl, agus mheas an Sasanach go gcuirfeadh sé ceist ar 'Phádraig' a bhfaca sé an coinín.

"Oh, b' é sin coinín mór donn le spota dubh ar a mhúineál agus é bacach" arsa Pádraig.


"Sé, sé, arsa an Sasanach, "Cén bealach a dteachaigh sé?"

"Naw, ní fhaca mé é, ar chor ar bith." arsa Pádraig.

Chonaic an bainisteoir fógra a bháis fhéin ar an pháipéar. Bhí sé iontach conafach agus chuir sé scairt fríd chuig a oifig.

"A Mhic Uí Mhurchú" arsa seisean "An bhfaca tú mo bhás ar an pháipéar ar maidin"?

"Chonaic" arsa Mac Uí Mhurchú go scanraithe "ach cá h-es atá tú ag labhairt"?



Sean Phaidreacha agus Dánta

Deir an sean fhocal nach mbíonn crothnú ar an lán mhara go dtraghaidh sí. Bhí me ag meabhrú ar seo ar na mallaibh agus thug sé i mo chuimhne, an stór seanachas, scéalta, dánta, agus paidreacha a chuidh chun na cille leis na sean daoine atá imithe uainn. Ní thabharfaidh mé maitheamh anas domh fhéin go deo.

Nuair a theip orm mórán mór den tsuibhreas sin a scríobh síos. Bhí an chaoi orm nó nuair a bhí mé mo ghasur, bhí an teach s' againne lán gach oíche, agus an seanachas a bhíodh annsin, bhí sé suimiúil. Is dóigh dá mbíodh taep-thaifideáin le fáil 'san am go mbeadh mórán de slán. Rinne ar ndóigh, mórán scríobh-neoirí Gaeilge sár-ebair ag bailiú an t-seanachais agus tá muid faoi cumaoinn mhór acu. Maidir leis na sean phaidreacha, agus dánta srl., chuimhnigh mé fhéin ar chuid aca a bhí ag mo mhathair solas na glóire dá h-anam. Seo mar a bhí urnaí an scabaill aici.

**"gCluin sibh mé a lucht na scaball,
Na déanfaidh faillí in bhur gcás,
Is trua sin bean gan carad,
Na luí ar leaba an bháis.**

**Bhí Muire agus a Mac ag siúl amuigh sa lá
Tharla orthu an pearsa ró-naomhta,
Mar bhí Naomh Séamus ins an Róimh.
Shín sí dó a's a deas lámh,
Scaball breá na mbrainnsí óir
"Níl i nduine n-iomparochaidh m' aibid**

**Is a iompar mar is cóir
Ná mbeidh séala agam ar a anam ins an ghlóir.
Mhaighdean na gile 's a Mhaighdean na Glóire,
's leat a ghním mo chasoid ar maidin 's trathnóna
Le mo thógail ón t-seachrán 's le mo chuir ar an eolas
Go poball na h-aithrithe 'nait a síltear na deora.
Líonann mo chroí le cionn ar an Athair,
Sileann mo shúile le grá ar a mhathair.
Aibid a fuair mise ó Mhuire,
Ach guidim sa Dia 's go rabh sí agam ar uair mo bháis.**

'San Gheimhreadh nuair a bheadh stoirm nó contúirt comhair baile deirfeadh na sean daoine:

**"Anna máthair Mhuire,
Muire máthair Íosa,
Isibeal máthair Eoin Baiste,
An triúr sin go rabh idir muid is caill!"**

Nó bh' féidir an paidir seo:

**O a Dhia bheirim m' anam duit
Athair Shíorraí sábhail mé,
Íosa mhic Mhuire bí ag guí orm.**

Nuair a thig duine ar amharc thig an phobail ba chóir do a rá:

**Go mbeannaí mise pobal Dé,
Go mbeannaí pobal rí bhflaitheas Dé,
Agus an dá Easbal déag demh.
Ullughaim ar mo ghlúin dheis don ard-dlí,
Agus ar anghlúineile in mo croí cluinim
Mar shúil 's gosabhlochadh Dia m' anam ar leac na bpian.**

Coiscriu an scabaill a thug mo mháthair ar an phaidir dheas seo a leanas:

**I n-ainm an Athair a fuair an bhuaidh,
An Mhíic a d'fhulaing an phian,
Spiorad Naomh le nar neartú,
An Mhaighdean ghlórmhar le nar gcumhdach.**

Sean-phaidir eile a bhí ag na sean daoine ach níl fhios agam, cé'n ócáid a n-abróchaí. Go laethiúl is dóigh:

**Crios Mhuire ar mo chrios,
Crios na gceithre gcros
Crios le nar ceangaladh Criost,
Crios ar leigheadh Criost as.
Baisteadh ar mo chrios, faoi mo cheich dheis
Níl nduine n-abróchaidh seo uair amháin sa lá
Nach bhfeicidh, an Mhaighdean Mhuire uair roimh a bhás.**

Le cois na bpaidreacha bhí "dánta diaga" acu. Seo cupla dán de chuid mo mháthra:

**'Smé an creatur bocht faoi ualach throm,
Ar mhead mo pheachaí, is aithrighe liom.
Aidim, creideamh, Dé go síorraí,
Le grá i mo chroí, le dochas -
Thiar ag bun na croiche,
Glaodham suas, Íosa Criost go ngladhaidh tú anuas orm.**

Bhí an dán seo le cluinntin minic go leor, ach tá eagla orm nach bhfuil sé ro-chruinn agam anois. Is deachar cuimhniú ortha uilig. Tá líne amháin ar lár ar scor ar bith.

**"Luan, Luan, Luan an léigh?
Luan a mbeadh muid uilig fé bhrón,
Thiocfaidh Mac Dé agus suidhfídh ar bheinn leic o's cionn Shíol Eabha,
Agus sin an áit a mbeidh an cunntas cruaidh
Beidh droichead ann comh caol le ribe do chinn.**

le Pádraig Mac Gairbheith

Beidh na haingle go cliste anonn 's anall
An dragún thíos 's a chraos le thine
Ag súil cá huair a thitfidh tú ann,
Tiocfaidh an Mhaighdean Bheannaí
Crupaidh h-eideadh 's nochtaigh glún.

Deirfidh Sí le na Mac Íosa:

**"Seo na meara nigh do Chneith-neacha,
? ? ? ? ? ? ? ? ?
A's a Mhíic na tréig mé 's mé faoi ghruaim.**

Annsin deirfidh Íosa le na mháthair:

'Bhal a Mháthair glé-gheal tabhair leat an mheid sin ina bhfuil do dhúil

An "Aisling" a chuala mé ar an píosa seo:

**An codladh sin atá ort a mháthair?
Ní hé ach aisling a mhíic
Caidé an aisling i a mháthair?
Go bhfuil tusa le do cheangal,
Le cuig rópa chruaidhe cnaibhe,
Le do spíonadh 's do spóladh
Ar bharr na mbeann ard uadail thall,
Corán spóna le dhul fá do chionn t-Sleaigh nimhe, le dhul fríd do chroí
Níl 'nduine n-abrochaidh seo trí h-uaire sa lá,
Nach rachaidh na bhFlaitheas,
'S níor eagla dó Ifreann go deo.**

Chomhairle i gcomhnaí a thug mo mháthair dúinn nuair a bhí muid óg:

**Ná bí ar tús 's na bí ar deireadh,
Ná bí siúlach i dtigh an óil, nó trom ar shean-fheoil,
Deirim leat 's an síon-chóir,
Na bain de dhuine dheileóir.**

Ag baint leis an phosadh bhí an nathan seo i dtolamh ar a mbeóla

**Suidhe mir' dtoigh a athair,
Suidhe leathan socar,
Ach suidhe athair i dtoigh a mhíic,
Suidhe cumhang corrach.**

Le cois paidreacha agus dánta bhí mórán eile seanachais a rabh píosaí deasa filíocht ag dul leo. Ceann aca seo, an scéal fá'n bheirt dearathoir a bhí iongantach geallamhar ar a chéile. Fuair fear acu bás, agus go goirid na dhiaidh sin bhí cuirim sa

teach ach ní bhfuair an dearathoir a bhí fágtha cuireadh chun na cuirime. Chuidh sé go doras thigh na chuirime ar dhruim capaill agus dúirt:

**Mise is mo ghearán ban,
'Smór mo scáile teacht fá'n teach,
Chuig na cuirime níl mo fháilte,
'S measam gur fearr domh,
Gan dul isteach,
'S nuair nach maireann fear m'fháilte Míle fáilte romham fhéin.**

Annsin bhí an cailín a rabh beirt buachail i ngrá léi. Ach an fear a bhfearr léi ní thiocfadh sé ar cuairt ach go hannamh. Bhí an fear eile annsin achan lá. Seo mar a dúirt sí é.

**Fáilte romhat a mhíic a thig,
Fáilte romhat-sa a mhíic nach dtig,
Is trua nach dtig minic nach dtig,
Leath comh minic le minic a thig.**

Bhí ortha aca do mhórán de na gnáth thinnis a bhí ag leanstan do dhaoine san am. Seo ortha an déideadh

**Tháinig Peadar go Sráth Orthlainn,
Tháinig Íosa o's a chionn,
Claidé sin ort a Pheadair,
Mo fhiac hail atá tinn.
Órtha a bheirim-se duitse a Pheadar,
Más do fhiachail atá tinn,
Gan an órtha 's an déideadh Bheith go deo ann aon chionn,**

Bhí scéal beag deas eile ag ar sinn-sear, fá dhilleachtaí girsighe a rabh an leas mháthair ag déanamh leath-cheal uirthi i nganfios do'n athair. Nuair a bheadh bológ nó bó marbh aca (Gnás a bhí ann sa'n am) ní thabharfaidh d' on dilleachtach le h-ithe ach na crudhógaí. Maidin amháin bhí sí na seasamh sa doras, agus chuir an t-athair ceist uirthi caidé an cinéal lae a bhí ann. Ba é seo an freagra a thug sí, agus ar an bhomaite d'aithin an t-athair go rabhtar ag deanamh leath-cheal uirthi.

**Tá an ghaoth anoir 's an fhearhainn aniar,
'S gan é ag cur nó na thuradh,
'Is iongantach sin arsa an t-athair
'Ní h-iongantaighe, é ná an bhológ uilig a bheith ina crudogri. ar sise.**


Níl annsin ar ndoigh ach beagan de'n chomhra laghach, shoinneanta a bhí le cluinntin i dtigh an airnéail, thart fá scór go leith blian ó shoin. Is mór an trua nach bhfuil rios mó de le fáil, le cur i gcroí. Tá súm agam go dtiocfaidh d'ann r' s' b'ois.

Uaimh Chnoc Fola

Seo ceann dena radharcanna is deise ar chósta Dhún na nGall. Uaimh Chnoc Fola. Tig cuairteoirí ó gach aird den Mhór-roinn agus as Mericeá gach bliain le é a fheiceáil.

Tá a lán dena uaimheanna seo thart ar an chósta agus is cinnte gurbh iad a mheallan na mílte cuairteoirí chun na tíre lena gcuma uaigneach doracha.

(Griangráf le buíochas ó Mícheal S. Ó Gallchóir.)



An Fáinne Nua

Comhghairdeachas le Enna Mac Fhionnlaigh atá ar scolaireacht Ghael Linn ar Scoil Rann na Feirste, a fuair "An Fáinne Nua" an tseachtain seo.

Sé Seán Bán Mac Grianna a chuir an scrúdú air. Beidh an scolaireacht críochnaithe an tseachtain seo chugainn agus beidh sé ag pilleadh 'na bhaile go Baile Átha Cliath.

Tá achan mholadh tuillte ag Enna as an obair mhór a rinne sé le feabhas a chuir ar a chuid Gaeilge agus tá sé ag pilleadh a bhaile agus é chóir a bheith chomh maith le cainteoir dúchais.

Ach ní sin deireadh an scéil d'Enna. Tá sé cinnte dearfa go mbeidh sé ar ais i Rann na Feirste, áit a rinn sé a lán cairde.

Tá droch-shaol le bheith san tír gan mhoill agus fágfaidh sin go mbeidh droch-thír san tsaol. Níl Fianna Fáil ar bith le Dole a thabhairt dúinn: níl fear brean ar bith le é a bhaint dúinn agus níl amadán ar bith le hinse dúinn nach féidir mairstin san Ghaeltacht gan an Dole. Ach tá fear breise againn anois. Bhí sé ann le fad - fear den dream a dúirt gur chuir siad paiste i dtóin na mbrístí ionainn. Ach bhris an dream sin as a posta shócalach é agus tá muid fágtha le fear corr breise.

Baineadh an chaint de le tamall - ní le rádh gur mórán cainte a bhí le baint de. Anois tugadh cead cainte arís do. Is dóiche gur an sean cheirnín ceanna a bheidh a bhuaileadh arís aige; Bhain Earnán De Blaghd scilling de na pinsinéirí leathchéad bliain ó shin agus tá dhá chluas capaill ar Labhraí Lorc.

£40 SA TSEACHTAIN

Tá tionscail na feamnach faoi lán tseoil fá láthair ar Chósta Dhún na nGall agus tá lucht oibre an tionscail sin sna Rossa ag saothrú suas le £40 sa tseachtain.

Tá monarcán an feamnach ar an Mhín Mhór ag obair oíche agus lá a próiseáil, sul a gcuirtear é go Girvan in Albain.

Ar an tseachtain a chuaigh thart, chuaigh 400 tonna de fheam-ainn go Girvan ar bhord an long Naomh Fearghal ó chalaphort Ailt a' Chorráin.

Idir an dá linn, nó idir an dá chluas, beidh Liam Mac Labhraí Mac Coscair ag crom ar mhúin capaill agus a chuir féin i gcontúirt a bheatha. Cuirfidh sin an tír gan an cháinfháinéis agus gan a thuille des na pinsiléirí. Sin cleas a d'fhothluim sé ó Chathal Ó hEochaidh, marcach cliúteach eile, ar cuireadh na gardaí ina dhiaidh.

Deir siad go raibh Liam Liath Mac Capall Mac Coscair Mac Coscair i nDúichí Dubha an Tuaisceairt le roinnt míosa anuas. Ag déanamh margaidh a bhí sé. Ach ní raibh cead Phaisley le fáil aige cé gur ófráil sé luach maith ar chapall bán Liam Ó Raiste. "Ní bheidh ar Éirinn ach King Billy amháin" arsa Ian.

Is é fírinne an scéal ná go raibh Paisley ag ófráil capall Rí na nOráisteach - agus coillear Romhanach - do Liam SEARA-caigh Whitelaw. Bé'n margadh ná Liam an Dílí Bháin ordú a thabhairt go mbeadh Tuaisceart Éireann, an Bhreatain agus an ollainn ina dtír amháin. Bheadh ar Liam na Súil Mór na Sé Contae a tharraint trasna na mara chun ceangal a dhéanamh idir an Bhreatain agus an ollainn. D'fhágfaidís Loch Neacha mar ní bheadh neach beo fágtha ann. "Teitheamh na nIarsmaí Fiaine" a bhéarfaí

ortha. An Oll-Ian a bhí le tabhairt ar an tír úr anonn go dtí an Ollainn Insteair dúinn gur fhiafraigh Ian do Liam na gCapall cad fáth nar cheannaigh sé an gee-gee a thug Rí Seamus 2 o'n Bhoinn go Baile Átha Cliath - ba capall é a bhí maith ina rith. Mhíngigh Liam go raibh an t-each 'maith ina rith' scioptha ag Seán Ó Loingsigh. Malartán a bhí ann ar an Mercedes. .

FÁILTE ABHAILE

Tá lúcháir ar a chairde go lear go bhfuil Cathal Ó Domhnaill as an Ghleann sa bhaile as an Ospidéal, a raibh sé ann le mí.

Tá aithne mhaith ar Chathal ar fud na Rosann agus ní bheidh i bhfad go mbeidh sé ar a sheanléim arís.

Chuala sé fá Seán Bán mac Grianna agus síos leis. Bhí amhrán úr cumtha ag Seán Bán agus é a cheol. "Is sinne Gael Linn. Níl Fine Gael linn".

Bhuail Mac Coscair buille den fhiop ar an chapall - ní raibh an chief whip leis - agus bhuail síos an costa. Chroch sé an transistor ar chluas an bheithigh agus d' éist le Seán Bán Breathnach agus a chuid ceirníní. Dheanfadh Seán capall beag meidhreach den rása mar bhí a fhocla ag rith ar luas na gaoithe.

Ansin labhair siad fá Ghlória agus a cuid ceirníní. Arsa sean-duine beag a bhí le Liam, nár thuig an dara focal ar 'record'; "Is trua nach bpósann si Kearney agus suaimhneas a thabhairt dúinn."

COMHGHAI RDEACHAS

Comhghairdeachas le Nuala agus Conal Mac Comhail na Doirí Beaga. Rugadh mac doibh, Pól, tá mí ó shin.

Tá Nuala ag teagasc i Scoil Anagaire, agus beidh sí ar ais 'na Scoile gan mhoill.

Fá láthair tá Caitlín Ní Ghrianna as Gort 'a Choirce mar ionadaí aici agus beidh sise ag dul ag banaltracht gan mhoill.

. Ag Béal Átha Seanaigh, chonaic Liam capall beag meidhreach thall inaice an droichid. Stad, bhain rúide as agus dúirt, "Sin mo chapall-sa, c' ainm atá air? "Seamus Bán"

"Ní raibh a leithid ag Rí Liam" ar seisean agus cheannaigh.

Chuir Liam isteach san rása é. Bhí cúig chapall ar fad san iomaíocht: Francie Rua, Josie Maol, Paidí Dubh, Séamus Rua Rí, agus searach beag dar ainm Discithe, le cois Jimí Bán

Seo rása a cuireadh ar bun go scioptha mar tháinig eagla ar an Taoiseach - Thiontaigh sé bán nuair a chuala sé iomra ar an Pháipear Bán. Fiú an talamh d' éirigh sé bán - barr na gcnoc ar dtús agus ansin anuas ar na gleantáin - ó na boic mhóra go dtí na gnáth dhaoine. D' éirigh na Mercedes bán - agus an dream a raibh siad aca. Scanraigh na daoine a fuair na jobanna beaga scallta nar thuill siad. Cuid de fhir cruinnithe na rátaí, d' éirigh siad comh bán le páipeair teastas na bunscoile, - (nach raibh aca) nuair a chuala siad go raibh an Rialtas chun deire a chuir le rátaí. D' éirigh fear na gCoileáin bán nuair a mhuscaíl sé ó'n gcruinniú siú fá na rátaí agus fógra aige i bpáipear Luimnigh. Bhánaigh na haibhneacha nuair a shnamh na milliún billeóga a chuir Seoirse Ó Colla amach: Deirtear gur thit an díolachán go mór ar pháipeair ionnaltáin an tseachtain sin. Ba iontach an tionchar a bhí ag an Pháipear Bán a thug Liam an Dílí

anall o'n Halla Bán. Dá dtagadh sé dhá chéad bliain ó shin bheadh Buachaillí Bána i dTiobrad Arainn chun dealáil leis Ní rása maith a bhí i nDún na nGall. Bhí fhios ó thus an bheirt a bhainfeadh: Conan Maol de bhí go raibh níos lú meachain le iomchar aige (ar bharr a chinn) agus Jimí Bán de bhí go raibh eolas an chúrsa aige. Chuir an geamhar glas chun tosaigh an capall dubh chun go gcluinfadh an capall a mbuith. righ - sásta da mbeidis tinn am éigin. Ach san vota, ní raibh siad

inann scríobh nó, ma bhí, bfeart leo an fear a bhain an dole dóibh leis an capall dubh a choinneáil síos chuir na Fianna, faoi cheannas Chonain Mhaoil, Capall breise ag treabhadh na páirce. Tá talamh na hÉireann ag tiontadh dubh agus croithe na bFhiann lán comh dubh. Tá siad ag polladh síos san treabhadh agus ag cuir aníos raflaí iontacha. Tá siad ag scairtí síos le na rútaí a dtáinig a seisreach go trom ortha go mbeidh na Mercedes le na dtarrthail roimh chupla mí. Deirtear go greideann roinnt beag iad . . .



An tAthair Eoghan Ó Colm, Riarthóir Anagaire.

Tá lúcháir mhór ar phobal paróiste Anagaire as an tAthair Eoghan Ó Colm a bheith mar riarthóir ina measc. Scríobhneóir clúiteach as ceantair Cloich Cheannfhaola a chaith seal i bparóiste Charraig Airt agus Oileán Thoraigh agus i ndiaidh stuidear a dhéanamh ar slí beatha na ndaoine ansin, scríobh sé an leabhar cáiliúl "Toraigh na dTonn"

Meastar gurbh é seo ceann de na leabhair is fearr ar chúrsaí sóisialta oileanaí, leabhar a ghlacann a áit i measc na saothair litríochta is fearr sa tír.

Tá clú air fosta mar shagart a bhfuil eolas domhain aige ar chúrsaí sóisialta agus na fadhbanna a bhaineann leis. Cuireann muid go léir ár gcomhghairdeachas chuige, agus gach deághuí go néireochaidh go maith leis ina paróiste úr.

"Gaeltacht"

Is ionmholta go mór an páipear atá a fhoilsiú i nGaith Dobhair—"Gaeltacht"—agus atá á chlobhualadh san Ghaeltacht ag Cló na Rosann. Is comhartha eile é den bhri agus den éileacht atá ins an pharóiste agus tá súil againn go mbeidh sé saolach. Ba chóir go mbéadh rachairt air sa Ghaeltacht agus go mbéadh cairde Ghaith Dobhair agus cairde na Gaeltachta ar fud an tuaiscirt i bhfáthach le n-a fháil go rialta.

Saoilim gurbh é seo an chéad uair a foillíodh páipear mar é sa Ghaeltacht agus is tuar maith é.

Tá nuachtán agus eileáil spóirt

ann, litríocht agus béaloideas— agus leathanach go na píostí.

I gceann ceannas na hÉireann—tá an páipear ag teacht amháin gach oíche—cuireann an t-ádhmáire ag stiúideoirí na n-ádhmáire ar an "Éirinn Nua" atá á mbeathú dáinn ag uacht agus iscal mbeo—ag dreamanna pollitíochta gan tús chineal ag dreamanna eile, agus a' daoine eile a bhfuil amáire fada miantaí. Fadaíonn sé caide'n chineal Éireann atá á mhaíomh. Ceist a ba chóir do ghaith dúine a chur ar feith. "Nach fáda uainn 'Oileán na hÉireann'—an fé oráid a bhí an t-éireann seo na h-éireann ionnaltáin, ionnaltáin féin, i seibh agus á rútaí ag a mbeith féin agus an Chríostaíocht i bhfadair mar ba cheir. An é an cineal ruda atá teacht thiar den eileáil ar seo 'Éirinn Nua'— nó ba bhfuil ar eileáil?"

Nach mbeidh dáinn an eileáil sin a chur orainn féin?

Moladh do "Gaeltacht" on "Derry People" 15ú lá Márta, 1973

Bán anall o'n Halla Bán. Dá dtagadh sé dhá chéad bliain ó shin bheadh Buachaillí Bána i dTiobrad Arainn chun dealáil leis Ní rása maith a bhí i nDún na nGall. Bhí fhios ó thus an bheirt a bhainfeadh: Conan Maol de bhí go raibh níos lú meachain le iomchar aige (ar bharr a chinn) agus Jimí Bán de bhí go raibh eolas an chúrsa aige. Chuir an geamhar glas chun tosaigh an capall dubh chun go gcluinfadh an capall a mbuith. righ - sásta da mbeidis tinn am éigin. Ach san vota, ní raibh siad

inann scríobh nó, ma bhí, bfeart leo an fear a bhain an dole dóibh leis an capall dubh a choinneáil síos chuir na Fianna, faoi cheannas Chonain Mhaoil, Capall breise ag treabhadh na páirce. Tá talamh na hÉireann ag tiontadh dubh agus croithe na bFhiann lán comh dubh. Tá siad ag polladh síos san treabhadh agus ag cuir aníos raflaí iontacha. Tá siad ag scairtí síos le na rútaí a dtáinig a seisreach go trom ortha go mbeidh na Mercedes le na dtarrthail roimh chupla mí. Deirtear go greideann roinnt beag iad . . .

Cloich Cheann Fhaola

BHÍ cruinniú mór de mhuintir Chloich Cheannfhaola agus a gcairde i nGlascú ag deire seachtaine na Féile Pádraig. Ba é seo an chéad chruinniú fhuirniúil den mhuintir ón pharóiste atá ag cur futhu ansin. Ocaíd speisialta abea é agus don ocaíd seo thais-teal an sagart paróiste, an tAthair Aodh O Cnámhsí go Glascú agus bhí sé i láthair ag na himeachtaí go léir ansin.

Bhí dinneár agus siamsa san Coupar InSTITUTE oíche Fhéil Phádraig. Chuir fear-an-tí Cathal Mac Suibhne fáilte roimh na daoine go léir a tháinig. Chuir sé fáilte roimh na sagairt agus roimh an Chumann Peile a tháinig ó Chloich Cheannfhaola. Dúirt sé go dtug sé mór-uctach dóibh siúd a bhí i mbun an chruinnithe nuair a chonaic sé an tsuim a chuir lucht na paróiste san gníomh seo. Ba thrua leo nach raibh an halla mór go leor le freastail ar gach duine gur mhian leo bheith i látnair ach nuair a shocraigh siad ar oíche mar seo a bheith acu nach raibh siad ag súil go mbeadh an éileamh chomh mór is a bhí sé.

Labhair an tAthair Aodh Mac Suibhne agus maol sé an mnuicir a bhí i moun na hoibre. Ghabn sé buíochas leo as ucht cuireadh a thabairt dó féin agus dúirt sé go raion lúcháir mnór air bheith i láthair.

Bé an tAthair O Cnámhsí an príomh cnaineoir an oíche sin. Mhol sé an coiste a bhunaigh an chumann seo agus ghabn sé buíochas leo don cnuireadh agus don aicnt a fuair sé féin. Dúirt sé go raibh lúcháir mhór air go raibh sé ina snagart paróiste ina pharóiste thain. Bhí suim speisialta aige san pharóiste seo agus go raibh lúcháir air nuair a chonaic sé an dul 'un cninn a bhí a dhéanadh ansin.

Thrácht sé ar an obair mhór a rinne na sagairt eile a bhí i mbun na paróiste san am a chuaigh thart. D'inis sé iá na hathruithe a rinneadh i dTeach an Phobail i nGort a' Choirce. Bhí áit nua curtha ar fáil i gcóir Baistí. Tugadh ar shiúl ralacha na haltóra agus tógadh ionad nua i gcóir seanamóra. San taobh eile den pharóiste bhí teach cónaí nua ag an sagart ansin.

Chomh maith le aithne san Eaglais bhí athraithe eile fosta a thug uctach do na daoine. Bhí ionad monarchain a tógáil ar an Fhál Carrach ar

dhuthshraith an mhonarcain cniotála a dódh ansin anuraidh. Bhí pobal-scoil nua a tógáil san pharóiste chomh maith. Bhéadh seo ina chuidiú mór don aos óg mar go mbéadh ceann de na scoileanna is nua-aimsirí sa tír acu.

Bhain achan duine sult mhór as an oíche. Ar an Domhnach bhí chuiche peile ag fuireann peile Chloich Cheannfhaola le fuireann Ghlasú. Bhí an dá fhuireann ar chomh scór ag an deireadh.

AN CLUICHE:—

Shíl cuid mhór daoine go ndeanfaí slad ar fhuireann Chloich Cheannfhaola nuair a ghlac siad an pháirc i gcoinne fuireann a toghadh as na Cumainn go léir i nGlascú ach ní mar sin a tharla. D'imir fuireann Chloich Cheannfhaola le treán spiorad agus cé go mba léir go raibh easba traenála orthu bhí na foirne ar chomh scór ag an deireadh. hImreadh an cluiche in Eastfield Park agus bhí slua mór ansin.

Bhí na cúl láidir ag an dá fhuireann agus ag leath ama bé an scór Cloich-Cheannfhaola 2 phointe Glascú 2 phointe. D'imir Gearóid O Fuaruisce an chluiche sna cúl san leath seo agus shabháil sé a fhuireann go minic. Bhí níos mó scóranna san dara leath agus bé an scór ag an deireadh Cloich Cheannfhaola 0-8 Glascú 1-5

Ar na himreoirí ab fhearr ag Cloich Cheannfhaola bhí Gearóid O Fuaruisce Eoin Mac Cóill Muiris Mac Cóill, Dónall O Gallchóir Cathal Mac Grianna CLOICH CHEANNFHAOLA

Gearóid C Fuaruisce, Cathal Mac Suibhne Dónall O Gallchóir Cathal Mac Grianna Seosamh O Fríl Ailfe O Ducháin Aodh O Ducháin Muiris Mac Cóill Eamonn Mac Fhionghaile Aodh O Fearaigh Eoin Mac Cóill Séamus O Conaire Niall O Loarnann Brian O Canáinn Seosamh Mac Eachmharcaí Fir Ionad: Pól O Duibhir Seán Mac Airblí, Cathal Mac Aoidh Cathal Mac Eachmharcaí.

chomh fada ar shiúl le Baile Atha Cliath agus Conamara ag teacht chun na Féile. Agus dráma an-spéisiú dá léiriú ag Iol Scoil Chúil-Raithe a fuair árd-mnoidh in Ath Cliath ar na mall-aibh

AN FHÉILE DRAMAÍOCHTA CUIGE DON OIREACHTAS.

Béidh an tríú féile san Amharclann ar an deireadh seachtaine 6ú, 7ú agus 8ú Aibreán. Féile do na daoine fásta é seo. Tá foirne ag taiséal ó áiteacha

Cuir do chuid éadaí chugainn agus leidh siad . . .

FÍORGHLAN

Anagaire

Paddy Thadhg Mac Pháidin

Seirbhís Mini-Bus Oíche agus Lá

Gaoth Dobhair agus Glasú

Dobhar

Guthán: An Fun Beag 34

Coláiste An Fhál Carragh i gCluiche Ceannais Uladh

Colaiste Na Croise Naofa 0—10 Bale Na Lorgan 1—2

BHUAIL Coláiste na Croise Naofa, An Fál Carrach foireann Bhaile Na Lorgan (Castleblaney) le cúig phointe i gcluiche leathcheannais Chorn Dalton a himríodh i mBéal Ath Seanaigh Dé Sathairn. Corn é seo d'fhoirne sinsir na gcoláistí seo nach nimríonn sna coirn mhóra, McKory agus McLarnon. Ar a moealach go dtí an cluiche leathcheannais bhuaigh Colaiste na Croise Naofa ar Ard Scoil Mhuire, Colaiste Loreto (baile na nGallógach) Beal Ath Seanaigh, Srath an Urláir agus na Gleanntaí.

Is le scoil Cnuimsitheach an Mhuinchuie (Cooenue) a dneas siad ag imirt sa cluiche ceannais. Is é seo an chéad uair a tuair siad thad le cluiche ceannais cuige. Tá siad ag traenau go dtéanann faoi stiúir an Athar Mícheál Mac Suibhne.

Bhí gaoth bhog ag séideadh trasna na páirce i mBéal Ath Seanaigh. Chuaigh An Fál Carrach ar an ionsaí ón tus. I ndiaidh cúig bhomaite fuair Sean Ó Muirí cúlín maith. D'imríodh aithair Sheain, Dom, don Chlochán Liath nuair a bhíodh cluichí móra idir Gaoth Dobhair agus na Rosa. Fuair Eoghan Ó Searcaigh pointe ó shaorchic Sean O Dufaigh pointe eile i ndiaidh ceatnúrú uaire. Bhí cúl Bhaile na Lorgan ag cosaint go tréan ach fuair Eoghan Ó Searcaigh dhá phointe eile ó shaorchiceanna roimh leath ama, rud a d'fhág na Conallaigh cúig phointe chun tosaigh. Fuair siad pointe eile ó Ó Searcaigh ag tús an dara leath. Ach ansin fuair na Muineachánaigh cúl agus pointe agus bhí lucht leanúna an Fhál Carragh scanraithe. Is ansin a ghlac Mícheál Mac Giolla Chearra stiúir ar an chluiche. Fuair seisean pointe agus Mac Gabhann, Mac Meanman agus Ó Searcaigh pointí. Pointe amháin a fuair Baile na Lorgan i rith in ama seo.

Ba é Mícheál Mac Giolla Chearra an t-imreoir a bhí ar an páirc. Tá daoine a chonaic é ar an tsamhain a déarfadh nach bhfuil a shárú d'imreoir faoi—19 sa Chontae. Fuair sé cuidiú maith ó Ó Daimhín, O Muirí agus O Searcaigh. Cluicne gian sportúil a bhí ann agus traoid baue na Lorgan go cróga gur séideadh an fhídeog dneireannach. Scoil réiteora ab ea P. O Cunn. B'sheo toireann an Fhál Carragh:—

B. Mac a' tSaoir (Fánaid) F. O Baoill (An Fál Carrach) R. Breatnach (Cúil na gCurridín) D. O Daimhín, (Dún Fionnachaidh) C. O Cánainn (Leitir Mhic an Bhaird) M. Mac Giolla Chearra (Cill Charthaigh) S. O Muirí (Béal Ath Seanaigh) D. O Cailín (Na Cealla Beaga) S. O Dufaigh (Dún Fionnachaidh) E. O Searcaigh (Ceann Caslach) S. Mac Gabhann (Gort an Choirce) E Mac Meanman (Srath an Urláir)

Fear ionaid S. O Dónaill (Cill Charthaigh)

Bhí cluiche breá idir Coláiste na Croise Naofa agus Ceardscoil Dhoirí Beaga ar an Fhál Carrach ar an Aoine Foirne faoi—15 a bhí ag imirt agus bhain an Fál Carrach 1-6 go dtí 1-2

SEÁN O GALLCHOIR

Féile Scoldramaíochta

BHÍ féasta drámaí ar siúl ar feadh thrí lá ag Féile Uladh, an Fhéile Scoldramaíochta don Chúige in Amharclann Gaoth Dobhair ar na mallaibh. Sé dhráma dhéag a léirigheadh uilig, seacht gcinn acu sin as na Sé Condae. Tháinig foirne ó Chósta Aontruime, Co. Thír Eoghain agus Co. an Chabháin agus chaith cuid acu deireadh seachtaine i nGaoth Dobhair.

Tháinig lán bus de lucht leanúna as Leitir Ceanainn oíche Dhomhnaigh le na bhfuireann fhéin, Clochar Loreto a bhrosnú ar aghaidh.

Bhí beagnach 300 páiste uilig idir bun-scoileanna, meán-scoileanna agus ceard-scoileanna páirteach san Fhéile.

Agus gan amhras bhain na haisteoirí óga idir beag agus mór taitneamh ar dóigh as draoíocht na h-Amharclainne, agus iad ag léiriú drámaí éagsúla. Ní h-é amháin go dtug siad muid ar cuaird go Tír-na-Sí an áit a bhfacaidh muid na síogaí, na leipreacháin, na fathaí, na beathaí-álta, na cailleachaf-draoíocht, na taibhsí ach thug siad muid go Tír na Síne agus go h-áit-eachaí i bhfad i gcéin. Agus fós chuir siad in iúl dúinn eachtraí ár sinsear agus filíocht na mbárd i nGaeilge ghlan shaibhir Sheosaimh Mhic Ghrianna.

Bhí an caighdeán ana-árd a dúirt an moltóir Tomás Mac Ardghail as Dúndealgan agus ba dheacair réiteach a dhéanamh idir na drámaí éagsúla. Thug sé moladh fé leith don fhuireann stáitse agus don fhuireann soillsiú ó Aisteoirí Gaoth Dobhair a chuidigh go mór le feabhas na ndrámáí. Bhí Conall O

Fearraigh i gceannas ar an fhuireann stáitse, Tomás Mac Giolla Bhríde i mbun an smideadh agus Mícheál O Gallchóir i mbun na soillse. Aine Nic Giolla Bhríde a bhí mar rúnaí agus eagrúitheoir ar an Fhéile.

Seo iad na scoileanna a bhéas ag seasamh fód do Chúige Uladh ag an Fhéile Náisiúnta i mBaile Atha Cliath i mí Béaltaine:—

Bun Scoil na mBrathar, An Omaigh, Co. Thír Eoghain ins an dráma "An Taibhse."

Scoil Chonaill, Bun Beag, Tír Chonaill "Aille agus an Bhrúid"

Bun Scoil Chorr an Cháirte, Searcóg, Co. an Chabháin.

"An Shó Déanach Déanach" Ard Scoil Doimnic, Béal Feirsce.

"Is maith an rud an grá" Coláiste Mhac Naoise, Garron Towe Co. Aontroma.

"Cit"

Clochar Loreto, Leitir Ceanainn

"Creach Chloinn Uí Dhomhnaill."

Meán Scoil Naomh Eoin, Dromore, Co Thír Eoghain.

"Mar a mBíonn Toit"

Cúrsaí Spóirt



CUMANN SOCAR GHAOTH DOBHAIR

Damhsa agus Suipéar

Oíche Mháirt an 24ú Aibreán

in

Radharc na Mara

Táille 65p.

Ceol: na BEARCATS

An Bua ag Loch an Iúir ar Rann na Feirste

RINN STÓCAÍ Loch an Iúir an turas go Rann na Feirste Dé Domhnaigh seo caite chun muintir na háite a choimhlint i gcluiche socair. Cé go raibh lámh in uachtar ag Loch an Iúir i rith an chluiche rinn muintir Rann na Feirste a seandícheall le cluiche maith a dhéanadh dó.

Bhí sé soilléir ó thús an chluiche gurb é Loch an Iúir a bhainfeadh nó bhí siad níos mó, agus níos láidre agus ag imirt an pheil a bhfearr. Ó chuir Pádraig Mac Suibhne chun tosaigh iad ins an ceathrú bomainte ní raibh stopadh orthu.

Bhain Loch an Iúir caitheamh an bhoinn agus d'imir siad leis an ghaoth sa cnéad leath. Bhí siad seacht gcúl chun tosaigh ag leath ama agus ní raibh an scéal ró-mhaith do Rann na Feirste cé go raibh siad ag imirt go treán.

Bhí muid ag súil le ath bheochan ó Rann na Feirste sa dara leath, cé nach mbéadh agus an ghaoth láidir ina bhfabhar. Rinneadh cúpla athrú ins na foirne ag leath ama, chuaigh Seán Mac Grianna ar an pháirc do Loch an Iúir in áit Liam Mhic Suibhne a ghortaigh a chos. Ní raibh Mac Grianna i bhfad ar an pháirc nuair a fuair sé cúl breá, sílim gurb é an scór seo a bhris croí Rann na Feirste nó chaill siad a n-uachtar ina dhiaidh seo.

D'imir na foirne go spóirtiúil i rith an chluiche agus táthar ag súil go dtiocfaidh muintir Rann na Feirste go Loch an Iúir le cluiche eile a imirt gan mhoill. Na h-imreoirí a bhfearr do Rann na Feirste nó Séamus O Gallchóir Pádraig O Dónaill agus Donnchadh O Baoill. D'imir Loch an Iúir comh maith sin agus nach mbéinn ábalta duine ar bith acu a phiocadh amach.

Na Foirne:—

RANN NA FEIRSTE:— S.S. O Dónaill D. O Baoill Eoghan O Dónaill Míchéal O Gallchóir S. O Gallchóir Pádraig O Dónaill Seán O Dónaill Niall Mac Eamharcaigh agus P. De Faoite.

LOCH AN IÚIR:— Seán Mac Ruaráí F. Mac Aoidh Dónall Mac Ruaráí Eozhan Mac Suibhne Dónall O Baoill Pádraig Mac Suibhne Liam Mac Suibhne Seán O Muirí Tomás O Dálaigh Fear Ionad: Seán Mac Grianna Reiteoir P. Mac Giolla Bhríde.

ANAGAIRE 2

CILLDRUMA 0

Fuair Anagaire dhá phointe go furast sa chluiche seo, i bhfad níos fusa ná deir an scór. Bhí siad ar an ionsaí i rith an chluiche féidim a rá agus scéal iontach é, nach bhfuair siad i bhfad níos mó cúil. Sé Donnchadh O Forcair a fuair an dá chúl dófa. Tá seans maith acu fáil isteach sa chéad cheathrar sa t-sraithoomórtas go fóill.

le LIAM MAC GAOTHAIN

DHÁ IMREOIR Ó DHUN NA nGALL I "SAN FRANCISCO"

Bhí áthas mór i nDún na nGall nuair a piocadh dhá imreoir ón Chontae ar foireann na "All Stars" le h-imirt i gcoinne Uíbh Fhailí i "San Francisco." Sé Brian Mac Eniff agus Dónall O Muinachain na h-imreoirí atá i gceist agus d'imir siad sár-chluiche le Uíbh Fhailí a bhuaileadh leis an scór 2-16 go 2-8.

D. Ó BAOILL

Grosae Mace, Feoladóir.

AILT AN CHORRÁIN

RADHARC NA nOILEÁN

Machaire an Chlochair

Earraí Grósaera, Milseógra

Foireann Peile Gaoth Dobhair sna Coagaidí



A chlóbhuailadh sa Ghaeltacht ag Cló na Rosann, Gaoth Dobhair